# LÁMHLEABHAR ÚSÁIDEORA

# CUMASCÓIR AEIR-OCSAIGINE

## (Naisc DISS agus NIST)

**Uimh. chineáil. Sraith PM5200**
**Sraith PM5300** (íomhá)




**SÁBHÁIL NA TREORACHA SEO**

| ⚠AIRE | Faoi dhlí feidearálach Stáit Aontaithe Mheiriceá (SAM), ní ceadmhach ach amháin do dhochtúir an feiste seo a dhíol ná ordú a thabhairt lena díol. |
|---|---|


PRECISION MEDICAL®

300 Held Drive
Northampton, PA 18067 SAM
*ISO 13485 deimhnithe*

Guthán: (+001) 610-262-6090
Facs: (+001) 610-262-6080
www.precisionmedical.com

# CLÁR

GLACADH / INIÚCHADH ....... 2
ÚSÁID BHEARTAITHE ....... 2
LÉIGH NA TREORACHA GO LÉIR ROIMH ÚSÁID ....... 2
MÍNIÚ AR GHIORRÚCHÁIN ....... 2
FAISNÉIS SÁBHÁILTEACHTA - RABHAIDH AGUS AIRÍ ....... 3
SONRAÍOCHTAÍ ....... 5
LÉARÁIDÍ ....... 7
CUR SÍOS AR CHOMHPHÁIRTEANNA ....... 8
TÁSTÁIL ROIMH ÚSÁID ....... 9
TÁSTÁIL ALÁRAIM ....... 10
NÓS IMEACHTA CHÚLSHREABHADH GÁIS ....... 10
TREORACHA OIBRIÚCHÁIN ....... 11
GLANTACHÁN ....... 11
COTHABHÁIL ....... 12
CUR SÍOS TEICNIÚIL ....... 12
EARRAÍ AR AIS ....... 12
TREORACHA DIÚSCARTHA ....... 12
FABHTCHEARTÚ ....... 13
BARÁNTA TEORANTA ....... 14
DEARBHÚ COMHLÍONTA ....... 15

## GLACADH / INIÚCHADH

Bain an Cumascóir Aeir-Ocsaigine de chuid Precision Medical, Inc. den phacáistíocht agus déan iniúchadh air i gcomhair damáiste. Má rinneadh damáiste dó, NÁ BAIN ÚSÁID as agus déan teagmháil leis an Soláthraí.

## ÚSÁID BHEARTAITHE

Scaoiltear ó Chumascóir Aeir-Ocsaigine de chuid Precision Medical, Inc. cumasc leanúnach cruinn d'aer liachta agus ocsaigin USP, trí bhéalóga asraoin, ar othair naíonda, phéidiatraice agus aosacha. Freagraíonn an cumasc gás cruinn Thiúchan Codánach d'Ocsaigin Ionanálaithe ($FIO_2$) don socrú $FIO_2$ a cuireadh isteach, a léirítear leis an gcnaipe rialaithe (diail).

## LÉIGH NA TREORACHA GO LÉIR ROIMH ÚSÁID

Tugtar treoracha sa lámhleabhar seo do Ghairmí faoin gcaoi a ndéantar an Cumascóir Aeir-Ocsaigine a shuiteáil agus a oibriú. Déantar amhlaidh chun críche sábháilteachta agus chun damáiste don Chumascóir Aeir-Ocsaigine a chosc. Mura dtuigeann tú an lámhleabhar seo, NÁ BAIN ÚSÁID as an gCumascóir Aeir-Ocsaigine agus déan teagmháil leis an Soláthraí.

**⚠ CONTÚIRT**

Níor ceapadh an táirge seo mar fheiste a chothaíonn ná a thacaíonn le beatha.

## MÍNIÚ AR GHIORRÚCHÁIN

| | |
|---|---|
| $FIO_2$ | Tiúchan Codánach d'Ocsaigin Ionanálaithe |
| DISS | Córas Sábháilteachta Trastomhas-Threorach |
| NIST | Snáithe Scriú Neamh-Inidirmhalartaithe |
| psi | Puint an tOrlach Cearnach |
| l/nóim | Lítir sa Nóiméad |

# FAISNÉIS SÁBHÁILTEACHTA - RABHAIDH AGUS AIRÍ

**⚠ CONTÚIRT**

Léiríonn seo go bhfuil staid ghuaiseach ar tí tarlú, agus go marófar duine nó go ngortófar duine go dona, mura ndéanfar í a sheachaint.

**⚠ RABHADH**


Léiríonn seo staid a d'fhéadfadh a bheith guaiseach, agus go bhféadfaí duine a mharú nó a ghortú go dona, mura ndéanfar í a sheachaint.

**⚠ AIRE**


Léiríonn seo staid a d'fhéadfadh a bheith guaiseach, agus go bhféadfaí duine a mhionghortú nó a ghortú go measartha, mura ndéanfar í a sheachaint.

**AIRE**

Má bhaintear úsáid as gan siombail fholáireamh sábháilteachta a bheith ann, léiríonn seo staid a d'fhéadfadh a bheith guaiseach, agus go bhféadfaí damáiste a dhéanamh do réadmhaoin, mura ndéanfar í a sheachaint.




BREATHNAIGH AR NA DOICIMÉID A GHABHANN LEIS



Siombail i gcomhair “NÁ HÚSÁID OLA”

CE
0473

Léiríonn an tsiombail seo go gcloíonn an fheiste le ceangaltais na Treorach 93/42/CEE maidir le feistí leighis agus leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta go léir is infheidhme. **(Ar fheistí a bhfuil comhartha CE orthu AMHÁIN)**

## ⚠ RABHADH

- Níor chóir ach amháin do phearsanra liachta oilte cáilithe, faoi mhaoirseacht dhíreach dochtúra cheadúnaithe, an Cumascóir Aeir-Ocsaigine a oibriú.
- Ná húsáid an Cumascóir Aeir-Ocsaigine seo ach amháin chun na hÚsáide Beartaithe a ndéantar cur síos uirthi sa lámhleabhar seo.
- Deimhnigh an dáileog ordaithe sula dtugtar don othar í. Déan monatóireacht ar an dáileog go minic.
- Ní mór do theicneoir seirbhíse cáilithe an Cumascóir Aeir-Ocsaigine a sheirbhísiú.
- Lean i gcónaí caighdeáin ANSI agus CGA i gcomhair Táirgí Gáis Liachta, Sreabhmhéadar agus Láimhseáil na hOcsaigine.

## ⚠RABHADH

- Ní mór úsáid a bhaint as Anailíseoir/Monatóir Ocsaigine chun an tiúchan ocsaigine a fhíorú.
- Mura ndéantar an sceitheadh a ghníomhachtú ag socruithe sreafa faoi bhun 15 l/nóim i gcomhair an Chumascóra Ardsreafa, agus 3 l/nóim i gcomhair an Chumascóra Ísealshreafa, cuirfear isteach ar an tiúchan ocsaigine.
- **NÁ** cuir bac ar an aláram.
- **NÁ** bain úsáid as an gCumascóir agus an t-aláram ag bualadh.
- **NÁ** bain úsáid as ola ar nó in aice leis an gCumascóir.
- **NÁ** blocáil nó ná cuir bac ar an mbéalóg sceite ar asraon cúnta an Chumascóra.
- **NÁ** bain úsáid as in aice le lasair ná le substaintí, gala ná atmaisféir inlasta/inphléasctha ar bith.
- **Ní féidir an Diail Thiúchan Ocsaigine a chasadh 360 céim.** Má chastar an diail go dtí níos lú ná 21% nó níos mó ná 100% ocsaigine, déanfar damáiste don Chumascóir.

## ⚠AIRE

- Múch na soláthairtí gáis nuair nach mbíonn an Cumascóir Aeir-Ocsaigine in úsáid.
- Stóráil an Cumascóir Aeir-Ocsaigine in áit thirim ghlan nuair nach mbíonn sé in úsáid.
- Tá ábhar maighnéadach feiriúil sa Chumascóir Aeir-Ocsaigine a d'fhéadfadh cur isteach ar thorthaí MRI.
- Déan cinnte de go bhfuil na naisc go léir fáiscthe go docht agus nach bhfuil siad ag sceitheadh.
- Seachain mórbhorradh brú de níos mó ná 6.9 bhar (100 psi) agus ionraonta an Chumascóra á mbrúchóiriú.
- **NÁ** húsáid uathchlábh gaile ar an bhfeiste.
- **NÁ** déan an Cumascóir Aeir-Ocsaigine a thumadh i leacht ar bith.
- **NÁ** gás-steiriligh le (EtO) hOcsaíd Eitiléine.
- **NÁ** bain úsáid as má tá salachar nó éilleáin ar nó thart timpeall ar an gCumascóir nó na feistí nasctha.
- **NÁ** caith tobac i limistéar ina dtugtar ocsaigin.
- **NÁ** glan le hidreacharbóin aramatacha.
- Ní mór do bhrú ionraoin na feiste a úsáidtear i dteannta leis an gCumascóir a bheith mar an gcéanna le brú ionraoin an Chumascóra.
- Bain úsáid i gcónaí as rialaitheoir brúlaghdaithe atá socraithe idir 2.1-5.2 bhar (30-75 psi) agus foinse gháis ardbhrú bhuidéalaithe á húsáid agat.

# SONRAÍOCHTAÍ

<table>
<tr><th>Cineál</th><th colspan="2">PM5200 Ardsreabhadh</th><th colspan="2">PM5300 Ísealshreabhadh</th></tr>
<tr><td rowspan="2">Phríomhasraon Raon Sreafa</td><td colspan="2">15 - 120 l/nóim</td><td colspan="2">3 - 30 l/nóim</td></tr>
<tr><td colspan="4">An dá bhrú soláthair ag 3.4 bhar (50 psi),<br>SCEITHEADH dúnta</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Asraon Cúnta Raon Sreafa</td><td colspan="2">2 - 100 l/nóim</td><td colspan="2">0 - 30 l/nóim</td></tr>
<tr><td colspan="4">An dá bhrú soláthair ag 3.4 bhar (50 psi),<br>SCEITHEADH oscailte</td></tr>
<tr><td>Sreabhadh Sceite</td><td colspan="2">13 l/nóim nó níos lú<br>ag 3.4 bhar (50 psi)</td><td colspan="2">3 l/nóim nó níos lú<br>ag 3.4 bhar (50 psi)</td></tr>
<tr><td>Comhshreabhadh Uasta (Na hAsraonta Uile)</td><td colspan="2">≥ 120 l/nóim</td><td colspan="2">≥ 30 l/nóim</td></tr>
<tr><td>Sreabhadh Seach-Chonaire (Cailliúint an Aersholáthair nó Soláthar ocsaigine)</td><td colspan="2">> 85 l/nóim</td><td colspan="2">> 45 l/nóim</td></tr>
<tr><td rowspan="3">Gníomhachtú an Aláram Seach-Chonaire</td><td>3.45 bhar<br>(50 psi)</td><td>4.14 bhar<br>(60 psi)</td><td>3.45 bhar<br>(50 psi)</td><td>4.14 bhar<br>(60 psi)</td></tr>
<tr><td>0.9-1.7 bhar</td><td>1.1-1.65 bhar</td><td>1.2-1.5 bhar</td><td>1.1-1.65 bhar</td></tr>
<tr><td>13-25 psi</td><td>16-24 psi</td><td>18-22 psi</td><td>16-24 psi</td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| **Athshocrú Aláraim:** | Más ionann an difreálach brú agus 0.4 bhar (6 psi) nó níos lú. |
| **Leibhéal Fuaime an Aláraim:** | ≥ 80 db ag 0.3 m (1 troigh) |
| **Raon Coigeartaithe Thiúchan na hOcsaigine:** | 21 - 100% |
| **Brú Soláthair Gáis:** | 2.1 - 5.2 bhar (30 - 75 psi)<br>Difríocht nach mó ná 0.69 bhar (10 psi) idir Aer agus Ocsaigin |
| **Cobhsaíocht Gháis Mheasctha:** | ±1% Ocsaigin |
| **Cineálacha Naisc:** | Cineál DISS - Ionraonta agus Asraonta Aeir agus Ocsaigine agus / nó Cineál NIST - Ionraonta Aeir agus Ocsaigine |

**Nóta:** Is iad na luachanna sreabhráta ná luachanna a thomhaistear le sreabhmhéadar ocsaigine (neamhcheartaithe).

**SONRAÍOCHTAÍ** ar lean

| **Toisí:** (gan fearais) | | | |
|---|---|---|---|
| | Doimhneacht: | 12.5 cm | (4.9 in) |
| | Leithead: | 5.7 cm | (2.3 in) |
| | Airde: | 10.4 cm | (4.1 in) |
| **Meáchan:** | | 1.04 kg | (2.29 lbs) |
| **Meáchan poist:** | | 1.34 kg | (2.95 lbs) |
| **Raon Theocht Oibriúcháin:** | | 15°C go dtí 40°C (59°F go dtí 104°F) | |

## Ceanglais Iompair / Stórála

| | |
|---|---|
| **Raon Teochta:** | -23°C go dtí 60°C (-10°F go dtí 140°F) |
| **Bogthaise:** | 95% Neamhchomhdhlúthúcháin ar a mhéid |
| **Cruinneas $FIO_2$:*** | ± 3% den scála iomlán |
| **Laghdú Brú:** | |
| **Ísealshreabhadh:** | ≤ 0.14 bhar (2 psi) ag brúnna ionraoin ó 2.1- 6.2 bhar (30-90 psi) agus ag sreabhráta 10 l/nóim ag 60% $FIO_2$. |
| **Ardsreabhadh:** | ≤ 0.21 bhar (3 psi) ag brúnna ionraoin ó 2.1- 6.2 bhar (30-90 psi) agus ag sreabhráta 30 l/nóim ag 60% $FIO_2$. |

Glanadh an Cumascóir Aeir-Ocsaigine i gcomhair Sheirbhís Ocsaigine roimh sheachadadh.

Cloíonn cúlshreabhadh gáis an Chumascóir Aeir-Ocsaigine le clásal 6 de ISO 11195.

Ba chóir go gcloífeadh an tAnailíseoir Ocsaigine le ISO 21647.

## Tirimeacht agus Comhdhéanamh gháis ionraoin:

| | |
|---|---|
| **Aer:** | Ba chóir go gcloífeadh an soláthar Aer Liachta le ceanglais shonraíocht tráchtearra ANSI Z86.1 - 1973 i gcomhair Aeir, cineál 1 grád D nó níos fearr. |
| **Ocsaigin:** | Ní mór go gcloífeadh ocsaigin le ceanglais uile Ocsaigine de Ghrád Liachta USP. |
| **Drúchtphointe:** (i gcomhair cheanglais CE AMHÁIN) | Ba chóir go mbeadh an dá ionraon 5.55°C (10°F) nó níos mó faoi bhun na teochta is ísle a nochtar an trealamh chóras dáileácháin aeir di. Ag teocht -3.9°C (25°F) agus ag brú 6.33 $kg/cm^2$ (90 psi) is ionann é seo agus 2000 $mg/m^3$. |

* Mura ndéantar an sceitheadh a ghníomhachtú agus socruithe sreafa faoi bhun 15 l/nóim i gcomhair an Chumascóra Ardsreafa, agus 3 l/nóim i gcomhair an Chumascóra ísealshreafa, cuirfear isteach ar chruinneas an tiúchan ocsaigine.


Féadfar sonraíochtaí a athrú gan fógra a thabhairt roimh ré.

# LÉARÁIDÍ


| ⚠AIRE |
| --- |
| Ní mór lipéid in easnamh nó lipéid dholéite a athsholáthar, déan teagmháil le Precision Medical, Inc. |


**Ag brath ar an gcineál, is féidir go mbeidh difríocht ann idir na fearais agus/nó lipéid agus na cinn sna léaráidí seo.**

Cineál PM5300





Cineál PM5200










# CUR SÍOS AR CHOMHPHÁIRTEANNA

| MÍR | CUR SÍOS |
|---|---|
| A | **Diail Thiúchan Ocsaigine**<br>Diail a úsáidtear chun tiúchana ocsaigine idir 21%-100% a roghnú. Baintear úsáid as an scála $FIO_2$ chun críocha tagartha amháin. **Ní féidir an Diail seo a chasadh 360°.** Tosaíonn an diail ag 21% agus críochnaíonn sí ag 100%. |
| B | **Príomhbhéalóg Asraoin**<br>Feisteas ocsaigine fireann DISS a bhfuil comhla rialaithe aige a sheachadann sreabhadh nuair a bhíonn sé nasctha le feiste rialaithe ar bith, amhail sreabhmhéadar. |
| C | **Béalóg Asraoin Chúnta**<br>Feisteas ocsaigine fireann DISS a bhfuil comhla rialaithe aige a sheachadann sreabhadh nuair a bhíonn sé nasctha le feiste rialaithe ar bith, amhail sreabhmhéadar. Tá an t-asraon seo feistithe le comhla sceite a chuireann ar chumas an úsáideora an sceitheadh a chur AR SIÚL nó a MHÚCHADH. Nuair a bhíonn an sceitheadh AR SIÚL, seachadann an t-asraon seo tiúchana cruinne ocsaigine i gcás na sreafaí seo:<br>**Cineál** — **Raon Sreafa**<br>Ardsreabhadh — 2 – 100 l/nóim<br>Ísealshreabhadh — 0 – 30 l/nóim |
| D | **Coiléar Sceite Cúnta**<br>Úsáidtear an coiléar chun an sceitheadh a ghníomhachtú agus a dhíghníomhachtú. Tá gá leis an sceitheadh chun Tiúchan cruinn $FIO_2$ faoi bhun 15 l/nóim i gcomhair Ardsreafa agus ≤ 3 l/nóim i gcomhair Ísealshreafa a chaomhnú. Chun an sceitheadh a ghníomhachtú, sleamhnaigh agus cas (más infheidhme) an coiléar foirbthe siar go dtí go ndéanann sé teagmháil leis an gclúdach. Chun an sceitheadh a dhíghníomhachtú, tarraing agus cas (más infheidhme) an coiléar amach ón gclúdach go dtí go stopann sé. |
| E | **Feisteas Ionraon Ocsaigine**<br>Feisteas ocsaigine baineann DISS nó NIST a bhfuil comhla aontreo aige a úsáidtear chun píobán sholáthar ocsaigine a nascadh. |

## CUR SÍOS AR CHOMHPHÁIRTEANNA ar lean

| MÍR | CUR SÍOS |
|---|---|
| F | **Feisteas Ionraon Aeir**<br>Feisteas ocsaigine fireann DISS nó NIST a bhfuil comhla aontreo aige a úsáidtear chun píobán sholáthar aeir a nascadh. |
| G | **Aláram**<br>Aláram inchloiste a bhuaileann nuair a thagann laghdú mór ar an mbrú nó nuair a scriostar soláthar gáis. |
| H | **Ilasraon** (Roghnach)<br>Ilasraon a bhfuil 3 phríomhasraon aige. |
| I | **Cúlghléasadh Sleamhnán** a bhfuil déad aige. |

# TÁSTÁIL ROIMH ÚSÁID

**⚠RABHADH**

- Léigh an Lámhleabhar Úsáideora seo sula ndéanfar an Cumascóir Aeir-Ocsaigine a shuiteáil nó a oibriú.
- Bain úsáid as Anailíseoir/Monatóir Ocsaigine chun an tiúchan aeir/ocsaigine a dheimhniú.

**AIRE**

Déan iniúchadh ar an gCumascóir Aeir-Ocsaigine sula n-úsáidtear é chun féachaint an ndearnadh damáiste dó. NÁ BAIN ÚSÁID as, má rinneadh.

**NÓTA:** Ní mór na tástálacha atá liostaithe thíos a dhéanamh sula gcuirtear an Cumascóir i seirbhís.

**Déantar na tástálacha seo roimh úsáid:**

- Tástáil Aláraim
- Nós Imeachta Chúlshreabhadh Gáis

1. Daingnigh an Cumascóir Aeir-Ocsaigine le brac balla nó cuaille sa suíomh ingearach.
2. Moltar duit bac comhdhlúthaithe a shuiteáil sa líne sholáthar aeir.
3. Nasc na línte sholáthar aeir agus ocsaigine leis na fearais ionraoin chuí ar bhun an Chumascóra.
4. Greamaigh sreabhmhéadar, nó feiste mhéadraithe eile de bhéalóg asraoin amháin agus fíoraigh cruinneas an raoin $FIO_2$ trí úsáid a bhaint as anailíseoir ocsaigine.

**Sreabhacmhainn na bPríomhasraonta:**

- Cumascóir Ardsreafa (Cineál PM 5200) 15 l/nóim go dtí 120 l/nóim
- Cumascóir Ísealshreafa (Cineál PM 5300) 3 l/nóim go dtí 30 l/nóim

**Asraon Cúnta:**

Cothaíonn an t-asraon sreafa chúnta an tsreabhacmhainn agus an cruinneas $FIO_2$ céanna is a bhíonn i gceist leis na Príomhasraonta, gan an Chomhla Sceite a bheith gníomhachtaithe. Nuair a bhíonn an sreabhadh sceite gníomhachtaithe, scaoilfear cuid den mheascán aeir/ocsaigine amach san atmaisféar chun cruinneas na tiúchana $FIO_2$ a chothú ag socruithe Ísealshreafa.

- Cumascóir Ardsreafa (Cineál PM 5200) 15 l/nóim nó níos lú
- Cumascóir Ísealshreafa (Cineál PM 5300) 3 l/nóim nó níos lú

5. Nasc líne sholáthair le béalóg asraoin an tsreabhmhéadair.

# TÁSTÁIL ALÁRAIM

1. Nasc an Cumascóir Aeir-Ocsaigine le foinsí aeir agus ocsaigine, déan an Cumascóir a bhrúchóiriú agus cuir an sreabhmhéadar “AR SIÚL”.
2. Socraigh an Diail Thiúchan Ocsaigine ag 60% $FIO_2$.
3. Dínasc nó “MÚCH” an soláthar aeir chuig an gCumascóir Aeir-Ocsaigine. Ba chóir go ligfeadh an Cumascóir fead ard amach nuair a chuirtear an t-aláram ar siúl. Léiríonn an fead go bhfuil an t-aláram ag obair i gceart.
4. Athnasc an líne sholáthar aeir leis an gCumascóir agus gníomhachtaigh í. Ba chóir go stopfadh fead an aláraim.
5. Dínasc nó “MÚCH” an líne sholáthar ocsaigine chuig an gCumascóir. Léiríonn an fead go bhfuil an t-aláram ag obair i gceart.
6. Athnasc an líne sholáthar ocsaigine leis an gCumascóir agus gníomhachtaigh í. Ba chóir go stopfadh fead an aláraim.
7. Mura bhfuil an t-aláram ag feidhmiú i gceart, NÁ BAIN ÚSÁID as an gCumascóir Aeir-Ocsaigine.

# NÓS IMEACHTA CHÚLSHREABHADH GÁIS

1. Dínasc an píobán ocsaigine den fhoinse gháis. Bain gach nasc asraoin den Chumascóir le cinntiú nach bhfuil sreabhadh asraoin ann.
2. Agus an brú sholáthar aeir á mhéadú de réir a chéile ó 2.07-5.17 bhar (30-75 psi), seiceáil an bhfuil aer á sceitheadh tríd an gcomhla rialaithe ionraon ocsaigine.
3. Athsholáthair an Chomhla Rialaithe Lachaghobach san ionraon ocsaigine má sceitear > 100 ml/nóim. Breathnaigh ar Lámhleabhar Seirbhíse an Chumascóir Aeir-Ocsaigine (P/N 504827.)
4. Déan céimeanna 1-3 arís chun seiceáil an bhfuil aer á sceitheadh tríd an gcomhla rialaithe ionraon aeir.

# TREORACHA OIBRIÚCHÁIN

| AIRE |
|---|
| Déan iniúchadh ar an gCumascóir Aeir-Ocsaigine sula n-úsáidtear é chun féachaint an ndearnadh damáiste dó. NÁ BAIN ÚSÁID as, má rinneadh. |

1. Daingnigh an Cumascóir le brac gléasta ar an mballa nó ar chuaille.
2. Nasc na línte sholáthar aeir agus ocsaigine ar an gCumascóir le hasraonta balla.
3. Nasc an sreabhmhéadar le hasraon an Chumascóra.
4. Bog an Diail Thiúchan Ocsaigine go dtí an tiúchan ordaithe.
   **NÓTA:** Ní féidir an Diail Thiúchan Ocsaigine a chasadh 360°. **NÁ** cas an diail go dtí níos lú ná 21% nó níos mó ná 100% ocsaigine, déanfar damáiste don Chumascóir.
5. Deimhnigh an sreabhadh aeir agus/nó meascán ocsaigine chuig an t-othar.
6. Bain úsáid as Anailíseoir/Monatóir Ocsaigine chun an tiúchan aeir/ ocsaigine a dheimhniú. Más gá, gníomhachtaigh an chomhla shreabhadh sceite chun cruinneas $FIO_2$ a chothú.
7. Cas an coiléar foirbthe siar go dtí go ndéanann sé teagmháil leis an gclúdach chun an sceitheadh a ghníomhachtú.
8. Chun an sceitheadh a dhíghníomhachtú, tarraing agus cas an coiléar amach ón gclúdach go dtí go ndúntar an chomhla shreabhadh sceite.
9. Múch na soláthairtí gáis nuair nach mbíonn an Cumascóir Aeir-Ocsaigine in úsáid.

# GLANTACHÁN

| AIRE |
|---|
| • **NÁ** húsáid uathchlábh gaile ar an bhfeiste.<br>• **NÁ** déan an Cumascóir Aeir-Ocsaigine a thumadh i leacht ar bith.<br>• **NÁ** bain úsáid as tuaslagán láidir ná as glantaigh scríobacha.<br>• **NÁ** gás-steiriligh le (EtO) hOcsaíd Eitiléine.<br>• **NÁ** glan le hidreacharbóin aramatacha. |

1. Dínasc an trealamh go léir agus gach nasc gáis sula nglantar é.
2. Glan dromchlaí seachtracha le ceirt maolaithe le huisce agus glantach bog.
3. Triomaigh le ceirt ghlan.

# COTHABHÁIL

Ní mór go ndéanfadh teicneoir seirbhíse oilte an Cumascóir Aeir-Ocsaigine a chothabháil mar seo a leanas:

- Ba chóir an t-aláram a thástáil sula gcuirfí i seirbhís chliniciúil é, agus go tréimhsiúil ina dhiaidh sin.
- Ní mór tabhairt faoin Nós Imeachta Fíoraithe Oibriúcháin (OVP) gach bliain. * Déantar cur síos mionsonraithe ar thástálacha OVP i Lámhleabhar Seirbhíse an Chumascóra (P/N 504827), atá le fáil ar an Idirlíon: www.precisionmedical.com
- Ba chóir an Cumascóir Aeir-Ocsaigine a sheirbhísiú gach 2 bhliain.
  **PM5200** (P/N 505407) **PM5300** (P/N 504932)
- Breathnaigh ar Lámhleabhar Seirbhíse an Chumascóir Aeir-Ocsaigine (P/N 504827) chun mionsonraí iomlána a fháil maidir le cothabháil agus tástáil bhreise.

# CUR SÍOS TEICNIÚIL

Chun Cur Síos Teicniúil iomlán a fháil ar an gCumascóir Aeir-Ocsaigine mar aon le liosta de na Páirteanna Athsholáthair, breathnaigh ar Lámhleabhar Seirbhíse an Chumascóir Aeir-Ocsaigine (P/N 504827) atá le fáil ar an Idirlíon: www.precisionmedical.com.

# EARRAÍ AR AIS

Ní mór uimhir Údaraithe Earraí ar Ais (RGA) a fháil i gcomhair táirgí ar ais - déan teagmháil le Precision Medical, Inc. Ní mór earraí ar ais a bheith pacáistithe i gcoimeádáin shéalaithe ionas nach ndéanfar damáiste dóibh. Ní bheidh Precision Medical, Inc. freagrach as earraí a ndéantar damáiste dóibh agus iad á n-iompar. Breathnaigh ar Pholasaí Precision Medical, Inc. maidir le hEarraí ar Ais atá le fáil ar an Idirlíon: www.precisionmedical.com.

***Tá na lámhleabhair le fáil ar ár suíomh Gréasáin: www.precisionmedical.com***

# TREORACHA DIÚSCARTHA

Níl ábhair ghuaiseacha san fheiste seo ná ina pacáistíocht. Ní gá faichill speisialta a dhéanamh agus an fheiste agus/nó a pacáistíocht á dhiúscairt.

**Athchúrsáil, le do thoil.**

# FABHTCHEARTÚ

Téigh i gcomhairle leis an Treoir Fhabhtcheartaithe thíos mura bhfeidhmíonn an Cumascóir Aeir-Ocsaigine. Mura féidir fadhb a réiteach ag úsáid an Treoir Fhabhtcheartaithe, breathnaigh ar Lámhleabhar Seirbhíse an Chumascóir Aeir-Ocsaigine (P/N 504827) atá le fáil ar an Idirlíon: www.precisionmedical.com nó téigh i gcomhairle leis an Soláthraí.

| Fadhb | Cúis Dhóchúil | Réiteach |
|---|---|---|
| **Difríocht sa tiúchan ocsaigine idir socrú an Chumascóra agus an tAnailíseoir/ Monatóir (níos mó ná 3%)** | 1. Cineál ardsreafa, ceanglas sreafa faoi bhun 15 l/nóim. Cineál ísealshreafa, ceanglas sreafa faoi bhun 3 l/nóim. | 1. Bain úsáid as an asraon cúnta agus gníomhachtaigh an sceitheadh |
| | 2. Anailíseoir/Monatóir míchruinn | 2. Athchalabraigh an tAnailíseoir/Monatóir nó fíoraigh ag úsáid Anailíseora/Monatóra eile |
| | 3. Sceitheadh ísealshreafa bactha | 3. Bain an bac |
| | 4. Soláthar gáis truaillithe | 4. Seiceáil foinsí gáis leis an Anailíseoir/ Monatóir Ocsaigine calabraithe le cinntiú go bhfuil an Ocsaigin ag 100% agus an tAer ag 21% |
| | 5. Cúlshreabhadh nó sreabhadh srianta de bharr feiste iartheachtaí | 5. Aonraigh an Cumascóir. Seiceáil an tiúchan ocsaigine ag asraonta an Chumascóra |
| **Sreabhadh ar bith ag teacht ó asraonta an Chumascóra** | 1. Foinsí gáis “MÚCHTA” | 1. Cuir na foinsí gáis “AR SIÚL” |
| | 2. Níl foinsí gáis nasctha | 2. Nasc na foinsí gáis |
| **Aláram ag buaileadh** | 1. Difríocht idir brúnna na n-ionraonta aeir agus ocsaigine níos mó ná an difríocht atá sonraithe | 1. Athraigh an difríocht bhrú go dtí go bhfuil na brúnna aeir agus ocsaigine laistigh de shonraíochtaí |

# BARÁNTA TEORANTA
# AGUS
# TEORAINN LE DLITEANAS

Tugann Precision Medical, Inc. baránta go mbeidh an Cumascóir, (an Táirge), saor ó lochtanna saoirseachta agus/nó ábhair ar feadh na tréimhse seo a leanas:

Dhá (2) bhliain ón am a chuirtear ar an bpost é

Mura gcloítear leis an mbaránta seo faoin tréimhse is infheidhme, déanfaidh Precision Medical, Inc. an locht sin a réiteach trína dheisiú nó a athsholáthar, ar a chostas féin, ar an gcoinníoll go seoltar fógra i scríbhinn chuige ina leith agus go dtugtar bunús go ndearnadh na hearraí a stóráil, a shuiteáil, a chothabháil agus a oibriú de réir na dtreoracha de chuid Precision Medical, Inc. agus de réir cleachtais thionscail chaighdeánaigh, agus nach ndearnadh na hearraí a mhionathrú, a ionadú ná a athrú.

NÍ HIONANN RÁITIS BHÉIL AGUS BARÁNTAÍ.

Níl ionadaithe de chuid Precision Medical, Inc. ná miondíoltóirí údaraithe chun barántaí béil a dhéanamh maidir leis an earra ar díol a ndéantar cur síos air sa chonradh seo, agus ní bhraithfear ar ráitis dá leithéid ná ní bheidh siad ina gcuid den ráiteas díolacháin. Mar sin, is ráiteas eisiach iomlán deiridh é seo de théarmaí an chomhaontaithe sin.

IS BARÁNTA EISIACH É SEO AGUS CUIRTEAR IN IONAD AON BHARÁNTA EILE É I LEITH INDÍOLTACHTA, OIRIÚNACHTA D'FHEIDHM ÁIRITHE NÓ AON BHARÁNTA EILE MAIDIR LE CÁILÍOCHT, CIBÉ SAINRÁITE NÓ INTUIGTHE.

Ní bheidh Precision Medical, Inc. faoi dhliteanas i gcás ar bith i leith damáistí speisialta, teagmhasacha nó iarmhartacha, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do bhrabúis chaillte, díolacháin chaillte, ná díobháil do dhuine nó do réadmhaoin. Is é a bheidh i gceist le neamhfhreagrachtaí a réiteach mar a ndéantar foráil dó thuas agus comhlíonadh dhliteanais uile de chuid Precision Medical, Inc. cibé bunaithe ar chonradh, ar fhaillí, ar thort cruinn nó eile. Coimeádann Precision Medical, Inc. an ceart chun éirí as aon táirge a mhonarú nó chun ábhair táirge, dearthaí nó sonraíochtaí a athrú gan fógra a thabhairt.

Coimeádann Precision Medical, Inc. an ceart chun earráidí cléireachais nó clóghrafacha a réiteach gan pionós.

# DEARBHÚ COMHLÍONTA

Precision Medical, Inc.
300 Held Drive
Norhtampton, PA 18067, USA (SAM)

CE
0473

EC REP

Emergo Europe (Oifig Eorpachy)
Molenstraat 15
2513 BH, An Háig
An Ísiltír
Guthán: +31 (0) 70.345.8570
Facs: +31 (0) 70.346.7299

REF

PM5200EN, PM5200MEN, PM5200NIST, PM5200NISTAP,
PM5300EN, PM5300MEN, PM5300NIST, PM5300NISTAP

**Rangú:** IIb

**Critéir rangaithe:** Clásal 3.2 Riail 11 d'Iarscríbhinn IX de MDD

Dearbhaímid leis seo go ndearnadh scrúdú ar an gcóras dearbhaithe cáilíochta táirgthe a ndéantar trácht air thíos de réir ceanglas de ráthaíocht náisiúnta na Ríochta Aontaithe (RA), a bhfuil an duine a bhfuil a ainm leis seo thíos faoina réir, lena thrasuítear Iarscríbhinn II, 3 de Threoir 93/42/CEE agus Treoir 2007/47/CE maidir le feistí liachta.

Deimhnímid go gcloíonn an córas dearbhaithe cáilíochta táirgthe le forálacha ábhartha na reachtaíochta thuasluaite, agus go bhfuil an eagraíocht i dteideal comhartha CE 0473 a chur ar na táirgí atá liostaithe thuas.

**Caighdeáin arna gcur i bhfeidhm:** *EN 1041, ISO 11195, EN ISO 13485, EN ISO 14971, EN ISO 15001, EN ISO 15223-1*

**Comhlacht a dtugtar fógra dó:** Intertek AMTAC Certification Services Limited 0473 CE 0473

**Seoladh:** Davy Avenue Knowlhill Milton Keynes MK5 8NL, An Ríocht Aontaithe

**Uimhreacha Chlárúchán Deimhnithe:** 1126 CE
Dáta Éaga: 3 Lúnasa 2017

**Feistí arna monarú cheana féin**: Taifid Stair inrianaitheachta S/N na Feiste

**Bailíocht an DOC:** 4 Lúnasa 2012 go dtí an Dáta Éaga

**Ionadaí Monaraithe:** Bainisteoir Cáilíochta

**Post:** Ionadaí Chórais Cháilíochta/ISO

**Dáta Eisiúna:** 4 Lúnasa 2012

Inis dúinn conas atá ag éirí linn!
Tabhair cuairt orainn ar
www.precisionmedical.com

504745GA Rev0 [T15] 03/14 Arna chló sna SAM